Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Márta 2020
(OR. en)

7045/20

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0123(COD)**

CODEC 222
TRANS 140

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1071/2009, (AE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú dá bhfuil ag titim amach san earnáil iompair de bhóthar **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh |

1. An 31 Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Eanáir 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 1 Feabhra 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019[4].

[1] 9670/17.
[2] IO C 197, 8.6.2018, lch. 45.
[3] IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.
[4] 7731/19.

5. An 20 Feabhra 2020, tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an dréachtrialachán thuasluaite[5].

6. An 20 Márta, chomhaontaigh <u>Coiste na mBuanionadaithe</u> go nglacfadh an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh. Tá téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh[6] ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

7. In éagmais chruinnithe na Comhairle agus i bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn:

   – chun go nglacfar an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí san earnáil mar a leagtar amach in 5115/20 agus don ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 5115/20 ADD1.

---

5 I gcomhréir leis an litir dar dáta an 23 Eanáir 2020 a sheol Uachtarán Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht Pharlaimint na hEorpa chuig Uachtarán Coreper, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

6 5115/20 + ADD 1.